



CEILIÚRADH

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Scoil Seo

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mBliana ná
Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh.

Agus muid ag athrú agus ag dul i dtaithí ar na hathruithe a chuir paindéim COVID-19 ar an saol, tugtar deis dúinn, machnamh a dhéanamh ar na rudaí luachmhara a thugann brí agus éifeacht dár saol. Do dhaoine áirithe, is iad an teaghlach, na cairde, an comhlúadar, an spórt, nó an caitheamh aimsire na rudaí is mó tábhachta dóibh. Maidir leis na Caitlicigh, is é grá Dé agus an mian atá ann go gcuirfimis aithne air agus é a ghrá, an bhunbhrí is mó atá lenár saol. Is é Íosa Críost foilsíú ghrá Dé dúinne, curtha i gcrích de bharr a bheatha, a bhás agus a aiséirí. Mar fhreagra ar an ngrá seo, déanaimis machnamh ar an mbealach ina mbíonn na scoileanna Caitliceacha mar phobail ina gcaithimid saol iomlán lántairbhe.

Sna scoileanna Caitliceacha cothaítear forbairt iomlánaíoch na ndaltaí, cuirtear a gcuid folláine chun cinn, agus spreagtar iad chun na tallanna agus na scileanna atá acu a aithint agus a fhorbairt. Tá an cumas i ngach aon pháiste athrú deimhneach a chur ar an domhan, agus áit níos caoine, níos cuimsithí agus níos fáiltí a dhéanamh as. I rith na seachtaine seo déanfar ceiliúradh ar na tíolachtaí agus ar na tallanna a bhaineann linn, agus teagasc Íosa á leanúint againn. I mbliana déantar ceiliúradh ar an nglao a cuireadh orainne feidhmiú mar phobal an dóchais agus an teacht aniar, trínár gcuid smaointe, i bhfocal agus i ngníomh. Nuair a dhéanaimid a leithéid, leanaimid briathra Íosa mar a deirtear i Soiscéal Naomh Eoin:

'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.

Is iad téamaí an lae do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022 ná:

AN LUAN

Saol Iomlán
Lántairbhe a
Chaitheamh in
Éineacht le Dia

AN MHÁIRT

Saol Iomlán
Lántairbhe a
Chaitheamh in
Éineacht lena
Chéile

AN CHÉADAOIN

(Lá na
Seantuismitheoirí)
Ceiliúradh a
Dhéanamh ar an
Athaontú

AN DÉARDAOIN

Saol le hlontas a
Chaitheamh

AN AOINE

Saol a Chaitheamh
agus Dóchas
Againn sa
Todhchaí

Mar a tharla cheana, baineann acmhainní do na ranganna leis na téamaí laethúla: Naíonáin Shóisearacha & Naíonáin Shinsearach/Bunscoil 1 agus 2; Rang 1&2/Bunscoil 3&4; Rang 3&4/Bunscoil 5&6; Rang 5&6/Bunscoil 7.

Luaitear na snáitheanna agus na snáithaonaid den *Churaclam Caitliceach an Oideachais Réamhscoile agus Bunscoile in Éirinn* (2015) a bheadh oiriúnach do na ranganna ag tús an cheachta. Ar an gCéadaoin beidh Lá na Seantuismitheoirí á cheiliúradh. Tugtar moltaí le haghaidh ghníomhaíochtaí an ranga ar an lá sin. Toisc gur bliain gan choinne í seo, agus ag glacadh leis na deacrachtaí atá roimh na scoileanna, moltar an ceiliúradh a dhéanamh ar an mbealach is oiriúnaí agus is so-eagraithe.

Tá seirbhís urnaí oiriúnach don scoil agus don seomra ranga ar fáil, chomh maith le moltaí do cheiliúradh an pharóiste. Is féidir gach acmhainn a íoslódáil ag: www.catholicschools.ie



MACHNAMH AN LAE

Is féidir gach machnamh a léamh os ard sa seomra ranga nó chuig pobal iomlán na scoile trí chóras idirchumarsáide na scoile gach aon lá den tseachtain. Léadh dalta nó ball foirne iad. Is féidir sos ciúin urnaitheach Críostaí a ghlacadh tar éis an machnamh a léamh.



Grianghraf le Russell Watkins/UK Department for International Development faoi cheadúnas CC BY-SA

AN LUAN

Inniu an chéad lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022. Is é téama an lae inniu ná saol iomlán lántairbhe a chaitheamh. Is duine leithleach gach aon duine againn. Baineann tallanna agus tíolacthaí linne nach mbaineann le duine ar bith eile. Ba mhaith le Dia go dtabharfaimis na buanna seo faoi deara agus forbairt a dhéanamh orthu le feabhas a chur ar an saol, le domhan cneasta caoin a chruthú. Cuireadh ar an saol seo muid le grá a bhronnadh ar an duine eile, agus le glacadh le grá ón duine eile chomh maith. Bíonn deis againn a leithéid a cheiliúradh inniu.

A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...*

AN MHÁIRT

Smaoinimid inniu ar an mbealach inar féidir linn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh lena chéile sa scoil Chaitliceach. Bíonn iliomad rudaí le foghlaim ar scoil – an Ghaeilge, Mata, Eolaíocht, Ceol, Ealaín. Bíonn táblaí agus litríú le foghlaim. Foghlaimimid chomh maith faoin mbealach inar féidir linn a bheith cairdiúil cabhrach lena chéile agus Riail Órga Íosa a chleachtadh, a deir go gcaithfear déileáil leis an duine eile de réir mar ba mhaith linn go ndéileálfá linne. Foghlaimimid conas ár ndícheall a dhéanamh feabhas a chur orainn féin, agus go gcaithfear a bheith cneasta lena chéile agus leis an domhan inár dtimpeall.

A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...*





AN CHÉADAIOIN

Iarrtar orainn inniu breathnú ar phobal na scoile mar phobal an ghrá. Cuimhnímid ar na seantuismitheoirí ach go háirithe. Daoine ar leith iad a mhúineann ar bhealach speisialta dúinn conas roinnt lena chéile, conas a bheith grámhar, agus cúram a dhéanamh dá chéile. Tugann siad léargas ar an am a d'imigh thart dúinn, agus spreagann muid lenár ndícheall a dhéanamh agus obair go crua. Múineann siad na tuairimí seo dúinn ar bhealach grámhar. Tá sé suas chugainne an grá sin a léiriú i bhfocail chneasta, i ngníomhartha lácha agus trínár gcuid tuairimí cineálta, sa scoil Chaitliceach seo againne. Gabhaimid buíochas le Dia as na seantuismitheoirí agus déanaimid an tionchar a bhíonn acu ar an mbeatha seo againne a cheiliúradh.

A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...*



AN DÉARDAIOIN

Iarrtar orainne inniu smaoineamh ar an mbeatha a chaitheamh le hiontas. Is seoid í an domhan ina mairimid. Léiríonn gach ar chruthaigh Dia, áilleacht an nádúir, rudaí a chuireann ionadh orainn. Spreagtar muid le lámh Dé a thabhairt faoi deara inár saol féin agus in imeachtaí an domhain thart timpeall orainn. Cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil sé de dhualgas orainne timpeallacht shábháilte álainn a chothú agus a chaomhnú dúinn féin. Is sa scoil Chaitliceach a bhainimid úsáid as na tíolacthaí agus na tallanna atá againn le feabhas a chur ar an domhan.

A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...*



AN AOINE

Tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh agus iarrtar orainne machnamh ar an mbealach ceart le saol iomlán lántairbhe a chaitheamh, agus dóchas sa todhchaí againn ann. Chuir paidéim COVID-19 iliomad athruithe ar an saol agus chruthaigh sé go leor dúshláin dúinn. Déanaimid machnamh ar na cúrsaí sin agus dóchas sa todhchaí againn. Tháingamar tríd an lá dubh agus cuireann bás agus aiséirí Chríost i gcuimhne dúinn go dtagann fáinne geal an lae i ndiaidh na hoíche is dorch. Feidhmímid mar phobal cineálta a thugann aire dá cheile, agus tugaimid aghaidh ar an todhchaí agus sinn lán de lúcháir agus de dhóchas an aiséirí.

A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an phaidir a bhronn Íosa orainn: *Ár nAthair ...*